éabhlóid

POLASAÍ UM CHOSAINT LEANAÍ

Clár

1. Réamhrá 2
2. Ráiteas Cosanta Leanaí 3
3. Cód Cleachtais don Fhoireann. 4
4. Gníomhaíochtaí Lasmuigh 6
5. Treoirlínte ar ghrianghraif a ghlacadh de leanaí 6
6. Ról an Teagmhálaí Ainmnithe 6
7. Mí-Úsáid Leanaí a Aithint 6
8. Mí-úsáid leanaí a nochtadh 7
9. Nochtadh Siarghabhálach 8
10. Freagracht mí-úsáid amhrasta nó iarbhír leanaí a thuairisciú 8
11 . Gnásanna tuairiscithe maidir le mí-úsáid leanaí 9
12. Rúndacht 10
13. Gnásanna maidir le Líomhaintí in aghaidh Baill Foirne 11
AGUISÍN 1 12
AGÚISÍN 2 15
AGUISÍN 3 16
AGUISÍN 4 17
AGUISÍN 5 18
AGUISÍN 6 19

1. Réamhrá

Tá sé mar dhualgas corparáideach ar Éabhlóid sábháilteacht agus leas leanaí a mbíonn teagmháil acu leo ar bhealach ar bith a chur chun cinn. Pléann an doiciméad polasaí seo le haithint, tuairisciú agus bainistíocht buarthaí sábháilteachta leanaí, agus cuideoidh sé le duine ar bith atá ag obair ar son Éabhlóide an aird cheart a thabhairt ar chearta agus leas leanaí. Baineann an polasaí seo le foireann an chomhlachta Éabhlóid.

Bíonn Éabhlóid ag plé le daoine óga ar chúpla bealach. Cuireann muid leabhair ar fáil le díol go poiblí atá dírithe ar pháistí agus a fhóireann do pháistí, agus tugann foireann Éabhlóide cuairteanna ar imeachtaí agus ar ócáidí, mar Oireachtas na Gaeilge, ina mbíonn páistí i láthair. Tá sé mar chúram ar Éabhlóid treoirlínte agus polasaithe oiriúnacha cosanta leanaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí. Leagann 'Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí' oibleagáid ar Éabhlóid leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn. Sainmhínítear leanbh mar dhuine ar bith faoi bhun 18 mbliana d'aois nach bhfuil nó nach raibh pósta, chun críocha na dtreoirlínte seo.

D'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an leagan de Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí atá i bhfeidhm faoi láthair in 2015, agus é ar fáil ag www.dcya.gov.ie. Forbraíodh na treoirlínte seo a leanas d'Éabhlóid agus an cás seo ann.

Nuair a úsáidtear an téarma 'Éabhlóid' sa doiciméad seo, baineann sé le foireann an chomhlachta Éabhlóid.

2. Ráiteas Cosanta Leanaí

Is mian le hÉabhlóid cinntiú go gcosnaítear leanaí chomh fada agus is féidir, fad is a bhíonn siad in éineacht le ball d'fhoireann Éabhlóide ar bhealach ar bith. Féachaimid le timpeallacht agus eispéireas sábháilte a chur ar fáil, ina bhfuil leas an linbh/duine óig fíorthábhachtach. Cloífimid le moltaí Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, a d'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Déanfaidh Éabhlóid na bearta seo a leanas:

- Admhóidh muid go bhfuil sé de cheart ag leanaí go gcosnófaí iad, go léireofaí meas orthu, go n-éistfí leo agus go gcuirfí a dtuairimí féin san áireamh;
- Aithneoidh muid gur gá go dtugtar tús áite do leas leanaí i gcónaí, beag beann ar cheisteanna eile ar bith;
- Glacfaidh muid leis na cleachtais is sábháilte is féidir chun an fhéidearthacht díobhála nó timpistí do leanaí a íoslaghdú, agus chun oibrithe a chosaint ó ghá a bheith le rioscaí a ghlacadh agus iad a bheith i mbaol líomhaintí mí-úsáide nó faillí dá bharr;
- Forbróidh muid nósanna imeachta le freagra a thabhairt ar thimpistí agus gearáin;

Déanfaidh Éabhlóid measúnacht ar an Pholasaí go tréimhsiúil agus cuirfidh siad san áireamh nithe mar aiseolas a fuarthas, na cleachtais is fearr agus/nó athruithe ar bith ar reachtaíocht sa tréimhse sin, agus déanfaidh siad leasú ar an pholasaí dá réir.

Tabharfar cóip de Pholasaí Éabhlóide um Chosaint Leanaí do gach ball foirne a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le leanaí mar chuid dá gcuid oibre, agus beidh sé ar fáil ar shuíomh gréasáin Éabhlóid chomh maith: www.eabhloid.com.

3. Cód Cleachtais don Fhoireann.

Leanfaidh foireann Éabhlóide na dea-chleachtais oibre seo a leanas le cinntiú go bhfanann gach leanbh sábháilte agus go mbíonn idirghníomhú dearfach acu le hÉabhlóid, bíodh sé sin trí shocrúchán oibre, nó trí chuairteanna Éabhlóide ar imeachtaí. Caithfidh cur chuige atá dírithe ar leanaí a bheith ag duine ar bith a bhíonn ag obair ar son Éabhlóide, agus a bhíonn i dteagmháil le leanaí mar chuid den obair.

- Tabhair tús áite do leas agus sábháilteacht an linbh i gcónaí
- Caith go cothrom le gach leanbh agus duine óg mar dhaoine aonair, le meas agus dínit
- Úsáid an teanga chuí agus bí feasach maidir le teanga agus tráchtanna a dhéantar. Má shíleann tú gur ghlac páiste/duine óg le rud a dúirt tú mar mhasla, nó gur chuir sé isteach air/uirthi, déan iarracht díriú air go goilliúnach agus go cáiréiseach
- Deán meas a léiriú ar spás pearsanta linbh nó duine óig
- Tabhair treoir de réir do shampla féin agus bíodh muinín le brath
- Cinntigh go seachnaítear iompraíocht dhainséarach ar bith nó go gcuirtear deireadh léi
- Cinntigh go gcoinnítear sonraí pearsanta ar bith maidir le leanaí faoi rún
- Cinntigh go bhfuil bealaí soiléire cumarsáide ann agus teacht ar an fhoireann/múinteoirí/tuismitheoirí i gcónaí.

Maidir le gach ball foirne Éabhlóide:

- níor chóir dóibh duine óg amháin a thabhairt leo ina n-aonar ar turais amhail turais cairr.
- Níor chóir dóibh obair ina n-aonar le leanbh ná duine óg.
- Níor chóir teagmháil fhisiceach a dhéanamh ach mar fhreagra ar riachtanais an linbh, agus ba chóir go mbeadh sé cuí d'aois agus leibhéal forbartha an linbh. Go ginearálta, ba chóir toiliú an linbh a lorg maidir le teagmháil fhisiceach (ach amháin i gcás éigeandála nó cás dainséarach).

Anuas air sin, ní bheidh duine ar bith a oibríonn d'Éabhlóid á (h)iompar féin go míchuí mar seo a leanas choíche:

- Ná húsáid agus ná ceadaigh cumarsáid fhisiceach agus/nó ó bhéal atá maslach nó gáirsiúil
- Ná déan leanbh/duine óg ar leith a thoghadh le haghaidh fabhraíocht, cáineadh, magadh éagothrom, nó fócas/aird gan fáilte
- Ná ceadaigh/ná déan leagan/teagmháil láimhe mhíchuí de chineál ar bith
- Ná buail agus ná ceartaigh leanaí/daoine óga go fisiceach
- Ná himir tionchar míchuí ar leanbh ar mhaithe le tairbhe nó luaíocht phearsanta a bhaint amach.
- Ná fág líomhaintí atá déanta ag leanbh gan taifead
- Ná déan agus ná glac le glaonna/téacsanna príobháideacha nuair a bhíonn maoirseacht á déanamh agat ar ghníomhaíocht leanaí.
- Ná gabh in éineacht le leanbh isteach in áiseanna leithris

Má sháraítear ceann ar bith de na treoracha thuas, féachfar air sin mar shárú an Chóid Chleachtais, agus d'fhéadfaí tús a chur le himeachtaí araíonachta agus coiriúla mar gheall air. Ba chóir go dtuairisceodh duine ar bith a oibríonn ar son Éabhlóide buarthaí atá aige/aici faoi

iompraíocht mhíchuí ar bith maidir le leanaí i scríbhinn, pé uair is bainteach, don Stiúrthóir, nó sa chás gur gearán faoin Stiúrthóir atá i gceist, chuig Cathaoirleach Éabhlóide.

Iarrtar ar fhostaithe aird faoi leith a thabhairt ar leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu chomh maith le leanaí atá iontach soghonta. Nuair atáthar ag plé le leanaí atá iontach soghonta tá sé fíorthábhachtach a bheith mothálach leo agus an chumarsáid eadrainn a bheith soiléir, mar go mbraitheann leanaí soghonta ar dhaoine fásta le cúram agus láthair sábháilte a chur ar fáil dóibh níos mó nó leanaí eile. Ba chóir don fhoireann a bheith ar an eolas go bhfuil seans níos mó ann go ndéanfaí tromaíocht nó foirmeacha eile mí-úsáide ar leanaí soghonta. Tá sé tábhachtach éisteacht go cúramach le leanaí atá soghonta mar go mbíonn deacrachtaí acu in amanna a gcuid imní a chur in iúl.

4. Gníomhaíochtaí Lasmuigh

Tá freagrachtaí chomh maith ar Éabhlóid maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh.

Nuair a thugann sé/sí cuairt ar ionad ina bhfuil leanaí, bíonn an cuairteoir ó Éabhlóid faoi réir na bpolasaithe cosanta leanaí atá ag an ionad sin, bíodh sin ina scoil nó ina ionad eile a mbíonn leanaí.

5. Treoirlínte ar ghrianghraif a ghlacadh de leanaí

Tá roinnt fianaise ann go bhféadfaí grianghraif de leanaí a úsáid go míchuí. Mar sin, cloífidh duine ar bith a oibríonn ar son Éabhlóid leis na treoirlínte seo a leanas.

- Iarrfar cead ón bpríomhchúramóir/múinteoir/tuismitheoir agus ó na leanaí má táthar ag iarraidh grianghraif a ghlacadh. Más mian le hÉabhlóid grianghraf de leanbh ar bith a úsáid ar chúiseanna cur chun cinn nó poiblíochta, déanfaidh siad teagmháil le tuismitheoirí an linbh ar tús agus gheobhaidh siad cead scríofa.
- Ní ghlacfaidh duine ar bith a oibríonn d'Éabhlóid grianghraif de leanaí ar chúis ar bith seachas cúiseanna sainithe oifigiúla.
- Ní luafar ainm linbh ar bith atá i ngrianghraf ar bith a úsáidfear le haghaidh cur chun cinn.
- Ní bhreithneofar ach íomhánna de leanaí ina bhfuil siad gléasta go hoiriúnach.
- Caithfear úsáid mhíchuí íomhánna leanaí a thuairisciú don stiúrthóir agus breathnófar air mar shárú Chód Cleachtais Éabhlóide agus seans go mbeidh imeachtaí araíonachta agus coiriúla mar thoradh air.

6. Ról an Teagmhálaí Ainmnithe

Cinnteoidh stiúrthóir Éabhlóide go gcuirfear Polasaí na Comhairle um Chosaint Leanaí chun cinn, agus tacóidh sé/sí le cur i bhfeidhm an pholasaí. Tá sé mar fhreagracht ar an Teagmhálaí Ainmnithe chomh maith teagmháil a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó leis an nGarda Síochána nuair is cuí.

Is í an stiúrthóir an Teagmhálaí Ainmnithe atá ag Éabhlóid, agus ba chóir teagmháil a dhéanamh leis má tá fadhb agat nó buairt ar bith ort faoi ghné ar bith de shábháilteacht agus leas linbh nó duine óig i gcur i gcrích do dhualgas oibre.

7. Mí-Úsáid Leanaí a Aithint

Tarlaíonn mí-úsáid leanaí nuair a dhéanann iompraíocht duine a bhfuil níos mó cumhachta aige/aici ná an leanbh díobháil don leanbh. Ós rud é gur féidir leanaí a mhí-úsáid ar bhealaí éagsúla, ag an am céanna, uaireanta, ní bhíonn sé éasca í a chatagóiriú i gcónaí. Ach is féidir ceithre shainmhíniú leathana a bhreithniú, agus is féidir iad a achoimriú mar fhaillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach.

Tá sainmhínithe ar na ceithre chineál mí-úsáide agus ar an gcaoi le mí-úsáid a aithint san áireamh in Aguisíní 1 agus 2, rudaí atá bunaithe ar "Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí". Ach is minic go mbíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid leanaí a aithint agus d'fhéadfadh go leor cineálacha éagsúla di a bheith i gceist. Níor chóir breathnú ar thráscaire amháin mar chomhartha dochloíte mí-úsáide. Seans go dtugann sé dálaí eile seachas mí-úsáid leanaí le fios. Caithfear gach comhartha agus airí a scrúdú i gcomhthéacs chás agus cúinsí teaghlaigh an linbh.

B'ionann na samplaí seo a leanas agus cúis réasúnta bhuartha (tógtha ón Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí, Rannán 2.2):

- Gortú nó iompraíocht atá ag teacht le mí-úsáid, agus míniú neamhurchóideach nuair atá táscairí comhthacaíocha ann a thacaíonn leis an mbuairt go bhféadfadh cás mí-úsáide a bheith i gceist.
- Comhartha comhsheasmhach ann ar feadh tamaill go bhfuil leanbh thíos le faillí mhothúchánach nó fhisiceach
- Admháil nó comharthú mí-úsáide líomhnaithe ag duine éigin.
- Leanbh ag tabhairt le fios go sonrach gur baineadh mí-úsáid as/aisti.
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á m(h)í-úsáid.
- Fianaise amhail gortú nó iompraíocht atá ag teacht le mí-úsáid, agus nár dhócha gur tharla sé ar bhealach ar bith eile.

D'fhéadfadh an cumas mí-úsáid leanaí a aithint a bheith ag brath chomh mór ar thoilteanas duine glacadh leis an bhféidearthacht go bhfuil sí á déanamh is atá sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige/aici. Is gnách go mbíonn trí chéim i gceist le mí-úsáid leanaí a aithint:

(a) an fhéidearthacht a bhreithniú,

(b) comharthaí mí-úsáide a lorg,

(c) eolas a thaifeadadh.

Féidearthacht mí-úsáide leanaí a bhreithniú

Ba chóir an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl a bhreithniú má tá an chuma air gur gortaíodh leanbh go hamhrasta agus nach féidir é a mhíniú go réasúnta. Ba chóir í a bhreithniú chomh maith má tá an chuma ar an leanbh go bhfuil sé/sí trína chéile gan fáth soiléir, nó má tá fadhbanna comhsheasmhacha nó nua iompraíochta aige/aici. Ba chóir an seans go bhfuil mí-úsáid ar siúl a bhreithniú chomh maith má bhíonn an leanbh á (h)iompar féin go haisteach nó go heaglach i leith tuismitheoirí/cúramóirí.

Comharthaí mí-úsáide a lorg

D'fhéadfadh comharthaí mí-úsáide fisiceacha, iompraíocha nó forbarthacha a bheith i gceist. D'fhéadfaidís a bheith sa chaidreamh idir leanaí agus tuismitheoirí/cúramóirí, idir leanaí agus daoine eile dá muintir/daoine eile agus i measc a bpiaraí. Is maith an seans gur comhartha níos mó ar mhí-úsáid é braisle nó pátrún comharthaí. D'fhéadfadh leanaí atá á mí-úsáid nod a thabhairt go bhfuil díobháil á déanamh dóibh agus nochtann siad eolas go díreach uaireanta. Ba chóir cásanna nochta a chreidiúint i gcónaí. Ní bhíonn an chuid is mó comharthaí mí-úsáide saintréitheach, agus caithfear iad a bhreithniú i gcomhthéacs sóisialta agus teaghlaigh an linbh. Bíonn sé tábhachtach a bheith toilteanach i gcónaí glacadh le míniúcháin eile ar chomharthaí fisiceacha nó iompraíocha mí-úsáide. Seans go mbeidh gá le measúnú speisialtóra, uaireanta, le deimhniú an ionann buarthaí ar leith agus mí-úsáid.

8. Mí-úsáid leanaí a nochtadh

Is mó an seans go mbeidh a fhios againn in Éabhlóid faoi chás mí-úsáide má insíonn leanbh dúinn faoi. Is beag teagmháil a bhíonn ag duine ar bith ó fhoireann Éabhlóide le páistí nó daoine óga sna scoltacha, ach mar sin féin, tá sé riachtanach go bpléifeadh duine ar bith atá ag obair ar son

Éabhlóide leis seo go híogair agus go gairmiúil. Seo a leanas treoirlínte le tacú leis an oibrí leis seo:

- Pléigh leis go socair - tabhair go leor ama don leanbh le ligean dó/di an méid is mian leis/léi a rá a chur in iúl.
- Éist go cúramach agus go haireach; glac go dáiríre leis an duine óg.
- Cuir an duine óg ar a s(h)uaimhneas trína rá leis/léi go bhfuil an gníomh ceart déanta aige/aici labhairt leat agus nach bhfuil an locht air/uirthi.
- Bíodh sé mar sprioc 'rúndacht bhreathnaithe' a chinntiú, is é sin, nuair a fheiceann finné go bhfuil tú ag labhairt leis an leanbh, ach nach bhfuil sibh le cloisteáil.
- Ná bí ag tabhairt breithiúnais.
- Ná geall go gcoinneoidh tú rud ar bith faoi rún; agus ná déan gealltanais ar bith eile
- Cuir ceisteanna ar mhaithe le deimhniú amháin, agus ná cuir treoircheisteanna.
- Ná bí ag tuairimíocht agus ná déan talamh slán de rud ar bith.
- Déan seiceáil arís leis an bpáiste/duine óg go bhfuil an méid a chuala tú ceart agus tuigthe ina f(h)ocail féin.
- Ná cuir tuairimí ar bith in iúl faoin mí-úsáideoir líomhnaithe.
- Déan an comhrá a thaifeadadh chomh luath agus is féidir, agus chomh mionsonraithe agus is féidir. Sínigh agus dátaigh an taifead.
- Cinntigh go dtuigeann an leanbh/an duine óg na nósanna imeachta a bheidh mar thoradh air seo.
- Bí macánta leis an leanbh faoin méid is féidir linn agus nach féidir linn a dhéanamh. Inis dó/di nach féidir linn rúin a choinneáil, agus abair leis/léi céard a tharlóidh ina dhiaidh sin
- Ná tabhair aghaidh ar an duine a bhfuil líomhain déanta ina c(h)oinne.
- Cuir an t-eolas ar aghaidh chuig Teagmhálaí Ainmnithe na scoile agus i gcás fhoireann Éabhlóide, chuig Teagmhálaí Ainmnithe Éabhlóide, mar atá luaite thuas. Tá sé tábhachtach nach ndéanfadh foireann Éabhlóide iarracht dul i ngleic leis an fhadhb ina n-aonar.
- Ba chóir na bearta thuas go léir a dhéanamh gan mhoill mhíchuí, fad is nach gcuirtear as do chríochnúlacht an phróisis.

Má cheaptar go bhfuil mí-úsáid ar siúl nó má nochtar mí-úsáid is é an rud is tábhachtaí ná nach ndéanfá faic.

9. Nochtadh Siarghabhálach

Ó am go ham nochtann leanaí agus déagóirí mí-úsáid a tharlaigh daofa ina hóige. Má nochtfar a leithid d'eolas d'aon bhall foirne de

chuid CFGD, cuirfidh an ball foirne an teolas seo ar aghaidh chuig An Teagmhálaí Ainmnithe. D'fhéadfadh An Teagmhála Aimnithe

dul i dteagmháil leis na údaráis cuí i dtaca leis an eolas a nochtadh

10. Freagracht mí-úsáid amhrasta nó iarbhír leanaí a thuairisciú

Duine ar bith a mheasann go raibh/go bhfuil mí-úsáid á baint as leanbh, nó go bhfuil sé/sí i mbaol mí-úsáide, tá sé de fhreagracht agus de dhualgas cúraim air/uirthi a b(h)uarthaí a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, go díreach, nó tríd an Teagmhálaí Ainmnithe. Ba

chóir buairt faoi bhaol féideartha duine ar leith do leanaí, fiú mura bhfuil na leanaí ar aithne, ba chóir í a chur in iúl don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chomh maith, go díreach, nó tríd an Teagmhálaí Ainmnithe.

Is iad na treoirphrionsabail maidir le mí-úsáid leanaí a thuairisciú ná gur gá go mbíonn sábháilteacht agus leas an linbh nó an duine óig mar thosaíocht. Caithfear gach leanbh a chosaint ar riosca gan ghá.

Tuairisceofar mí-úsáid amhrasta in Éabhlóid láithreach don Teagmhálaithe Ainmnithe.

11 . Gnásanna tuairiscithe maidir le mí-úsáid leanaí

Tá gnásanna tuairiscithe caighdeánach curtha i bhfeidhm ag Éabhlóid le déileáil le nochtadh, buarthaí nó líomhaintí mí-úsáide leanaí. Caithfear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus leas an linbh. Is é an gnás tuairiscithe caighdeánach atá ann le déileáil le nochtadh, buarthaí nó líomhaintí mí-úsáide leanaí ná an ceann sin atá leagtha amach in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí.

1. Ba chóir d'aon bhall d'fhoireann Éabhlóide, ar nochtadh mí-úsáid leanaí dó/di, nó a bhfuil buarthaí air/uirthi faoi mhí-úsáid, seo a chur in iúl do Theagmhálaí Ainmnithe na heagraíochta ina bhfuil sé i láthair aige láithreach.

2. Ba chóir don ball d'Éabhlóid ar nochtadh mí-úsáid leanaí dó/di, nó a bhfuil buarthaí air/uirthi faoi mhí-úsáid, seo a chur in iúl do Theagmhálaí Ainmnithe Éabhlóide láithreach.

3. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag na daoine go léir a bhíonn ag obair ar son Éabhlóide nach bhfuil an duine a d'aimsigh an cás mí-úsáide líomhnaithe nó amhrasta iad féin freagrach as cinneadh a dhéanamh ar cé acu ar tharla nó nár tharla mí-úsáid. Seo tasc don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus don Gharda Síochána. Níor chóir do bhall foirne ar bith d'Éabhlóid iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an fhadhb mhí-úsáide ina (h)aonar i gcás ar bith.

4. Beidh ar an fhostaí sin d'Éabhóid a chuir a b(h)uairt in iúl ar tús tuairisc a dhéanamh, i gcomhairle leis an Teagmhálaí Ainmnithe cuí, agus é/í ag cur síos ar an chás, lena n-áirítear an dáta, an t-am agus na daoine a bhí i gceist. Ba chóir go mbeadh fíricí sa tuairisc. Ba chóir tuairimí ar bith a lua amhlaidh, agus tacú leo le heolas fíorasach.

5. Déanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe athbhreithniú ar an eolas a cuireadh ar fáil le cinntiú gur bailíodh an t-eolas bainteach go léir. Déanfaidh sé/sí teagmháil leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun comhairle neamhfhoirmiúil a fháil gan mhoill maidir leis an líomhain, buairt nó nochtadh, nuair is gá sin.

6. Beidh dhá rogha ag an Teagmhálaí Ainmnithe ansin:

   a. An líomhain, buairt nó nochtadh a thuairisciú go foirmiúil don Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach nó

   b. Gan tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ach taifid a choinneáil i gcomhad faoi na buarthaí. Déanfar taifead soiléir de na cúiseanna nár tuairiscíodh an líomhain, buairt nó nochtadh. Cuirfear an

ball d'Éabhlóid a rinne an chéad tuairisc ar an eolas i scríbhinn mura bhfuil tuairisc fhoirmiúil á déanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus tá cead aige/aici tuairisc fhoirmiúil a sheoladh é/í féin go díreach chuig an údarás bainteach, má mheasann sé/sí go bhfuil gá leis sin. Beidh forálacha an Achta um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, i bhfeidhm.

Tá sé tábhachtach go mbíonn tuairiscí déanta don Ghíomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach gan mhoill.

7. I gcás go ndéantar tuairisc fhoirmiúil, is maith an seans go mbeidh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag iarraidh labhairt leis an duine a rinne an tuairisc ar tús chun fíricí agus cúinsí na tuairisce a shoiléiriú.

8. I gcás éigeandáil iar-ama, ba chóir tuairisciú go díreach don Gharda Síochána.

Agus tuairisc á déanamh ar mhí-úsáid amhrasta nó iarbhír leanaí, caithfidh an duine a chinntiú gurb iad sábháilteacht agus leas an duine óig an phríomhthosaíocht i gcónaí, agus nach bhfágtar duine óg ar bith i gcás nach bhfuil sábháilte ag am ar bith. Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh ar an eolas faoin líomhain, buairt nó nochtadh eolais, ach amháin más dócha gur bhaol don leanbh é a leithéid a dhéanamh.

Caithfear freagra a thabhairt ar bhuairt nó amhras réasúnta ar bith faoi mhí-úsáid nó faillí. Má thugtar neamhaird ar na comharthaí nó mura ndéantar idirghabháil, d'fhéadfadh tuilleadh díobhála tarlú don leanbh. Má theipeann ar dhuine gníomhú, d'fhéadfaí é/í a chúiseamh go coiriúil faoi Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, rud a thug cúiseamh coiriúil isteach maidir le cur i mbaol meargánta leanaí.

Cásanna nach dtuairiscítear do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ná don Gharda Síochána:

I gcásanna go gcinneann an Teagmhálaí Ainmnithe gan buarthaí a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ná don Gharda Síochána, tabharfar ráiteas soiléir scríofa don fhostaí nó don oibrí deonach a chuir a b(h)uairt in iúl, agus é ag cur síos ar na fáthanna nach bhfuil a leithéid de ghníomh á dhéanamh ag an Teagmhálaí Ainmnithe. Déarfar leis an fhostaí/oibrí deonach go bhfuil cead aige/aici mar dhuine aonair dul i gcomhairle le, nó tuairisc a dhéanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó don Gharda Síochána má tá sé/sí buartha faoin gcás go fóill. Bíonn forálacha an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, i bhfeidhm tar éis dó/di cumarsáid a dhéanamh 'go réasúnach agus de mheon macánta'.

12. Rúndacht

Ní ligfear do chúrsaí rúndachta ceart an linbh chun cosanta a shárú. Beidh leas an linbh mar phríomhthosaíocht. Ní sárú rúndachta ná cosanta sonraí é eolas a thabhairt a thacaíonn le cosaint linbh.

Mar sin, i gcás mí-úsáid leanaí, níor chóir d'fhostaí nó do bhall Éabhlóide gealladh go gcoinneofar eolas ar bith a nochtadh faoi rún i gcás ar bith. Ba chóir a mhíniú don duine óg nach féidir an t-eolas seo a choinneáil faoi rún, ach nach nochtfar é ach do na daoine sin ar gá an t-eolas a bheith acu.

Tá sé riachtanach nuair a bhíonn cásanna mí-úsáide líomhnaithe/amhrasta ar bith á dtuairisciú go mbíonn prionsabal na rúndachta i bhfeidhm. Níor chóir an t-eolas a roinnt ach leis na daoine ar gá é a bheith ar eolas acu, agus ba chóir an líon seo daoine a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Ba chóir buarthaí faoi leanbh a thuairiscítear go hanaithnid a fhiosrú go hiomlán i gcomhréir le nósanna imeachta caighdeánacha FSS. Má rinneadh an tuairisc trí thríú páirtí, ba chóir iarraidh ar an duine atá mar idirghabhálaí teagmháil a éascú idir an duine bunaidh a thuairiscigh an bhuairt agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Ach mura mbíonn an teagmháil éascaithe, caithfear na buarthaí a tuairiscíodh tríd an tríú páirtí a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Beidh taifid maidir le buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí coinnithe go slán agus cothabháilte ag an Teagmhálaí Ainmnithe. Comhoibreoidh an Roinn leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach trí roinnt a dtaifead nuair a thagann ceist leas nó cosanta linbh aníos.

An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998

Cuireann an tAcht seo díolúine ó dhliteanas sibhialta agus ó phionós fostóra ar fáil do dhaoine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' do na hOifigigh Ainmnithe sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó don Gharda Síochána.

13. Gnásanna maidir le Líomhaintí in aghaidh Baill Foirne

Má dhéantar líomhain in aghaidh duine ar bith a oibríonn ar son Éabhlóide nó má mheasann ball foirne de chuid Éabhlóide go bhfuil iompraíocht mhíchuí ar siúl ag ball foirne eile i dtreo linbh, nó go bhfuil sé/sí ag mí-úsáid linbh, is é cosaint an linbh/an duine óig an chéad tosaíocht agus an beart is tábhachtaí. Is é an chéad tosaíocht ná a chinntiú nach bhfuil leanbh ar bith nochta do riosca gan ghá. Ba chóir go ndéanfadh Éabhlóid bearta cosanta riachtanacha ar bith mar bheart práinne. Ba chóir go mbeadh na bearta ar aon dul le leibhéal an riosca, agus níor chóir dóibh pionós míréasúnta a chur ar dhuine ar bith a bhfuil obair ar siúl aige/aici ar son Éabhlóid, i bhfoirm airgeadais nó eile, ach amháin más gá sin chun leanaí a chosaint. I gcásanna go bhfuil pionós i gceist le bearta cosanta, tá sé tábhachtach go ndéanfar breithniú luath ar an chás.

Má dhéantar gearán mí-úsáide faoi bhall foirne, beidh dhá shnáithe i gceist leis na gnásanna.

Beidh tuairisciú na mí-úsáide leanaí mar an gcéanna le Rannán 11 thuas (Ball foirne Éabhlóide → Teagmhálaí Ainmnithe → an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Ach déanfar imscrúdú chomh maith ar an mí-úsáid líomhnaithe. Déanta na fírinne, d'fhéadfadh trí imscrúdú a bheith i gceist:

1. imscrúdú inmheánach ag an eagraíocht nó ag Éabhlóid de réir mar is bainteach

2. imscrúdú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

3. agus imscrúdú féideartha coiriúil ag na Gardaí.

AGUISÍN 1

Shainmhíniú ar Mhí-Úsáid Leanaí agus cén dóigh lena aithint

(Acht um Tús Áite do Leanaí; Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2015)

Cineálacha mí-úsáide leanaí

Is féidir mí-úsáid leanaí a chatagóiriú i gceithre chineál éagsúla: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach. D'fhéadfadh breis is cineál amháin mí-úsáide a bheith á baint as leanbh ag aon am amháin.

Sa doiciméad Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, is ionann 'leanbh' agus duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, gan duine atá, nó a bhí pósta san áireamh.

<u>'Faillí' a shainmhíniú</u>

Is féidir faillí a shainmhíniú mar neamhghníomh, is é sin, nuair a dhéantar díobháil nó lagú suntasach d'fhorbairt an linbh trí bhia, éadaí, téamh, sláinteachas, spreagadh intleachta, maoirseacht agus sábháilteacht, ceangal le agus cion ó dhaoine fásta, agus/nó cúram leighis a choinneáil uaidh/uaithi.

Is féidir cur síos ar dhíobháil mar dhrochíde, nó lagú sláinte nó forbairt linbh. Bíonn a suntas faoi réir shláinte agus forbairt an linbh, i gcomparáid leis an gcaoi a mbeadh leanbh eile den aois chéanna.

Is gnách go mbíonn faillí tugtha faoi deara ar bhealaí éagsúla thar thréimhse ama seachas pointe ama ar leith. Mar shampla, b'fhéidir nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais linbh a gortaíodh go measartha ag uaireanta éagsúla as a chéile ó thaobh maoirseacht agus sábháilteacht riachtanach de. Seans nach bhfuil cothú imleor á thabhairt do leanbh a bhfuil a (h)airde nó a m(h)eáchan i bhfad faoi bhun an mheáin. Seans nach bhfuil spreagadh intleachta á fháil ag leanbh a bhíonn as láthair ó scoil go comhsheasmhach.

Baintear tairseach díobhála suntasaí amach nuair a dhéantar faillí i riachtanais linbh an oiread sin go bhfuil tionchar trom á imirt ar a leas agus/nó a f(h)orbairt.

<u>Sainmhíniú ar 'mhí-úsáid mhothúchánach'</u>

Is gnách go mbíonn mí-úsáid mhothúchánach i gceist sa chaidreamh idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh seachas eachtra nó pátrún eachtraí ar leith. Tarlaíonn sí nuair nach bhfreastalaítear ar riachtanas forbarthach ceana, formheasa, comhsheasmhachta agus slándála linbh. Ach amháin sa chás go bhfuil cineálacha eile mí-úsáide ar siúl, is annamh go mbíonn sí le tabhairt faoi deara mar chomharthaí nó airíonna fisiceacha. Ar na samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tá:

> (i) comharthaí sóirt diúltacha á dtabhairt ar leanbh, agus sin á dhéanamh trí cháineadh, géarchaint, naimhdeas nó lochtú leanúnach;

(ii) tuistiú coinníollach, nuair a bhíonn an oiread cúraim a thugtar don leanbh ag brath ar a (h)iompraíocht nó a g(h)níomhartha;

(iii) tuismitheoir/cúramóir nach bhfuil ar fáil go mothúchánach don leanbh;

(iv) neamhfhreagúlacht an tuismitheora/an chúramóra agus/nó ionchais neamhréireacha nó mhíchuí i leith an linbh;

(v) leagan freagrachta ar an leanbh go róluath;

(vi) ionchais neamhréalaíocha nó mhíchuí maidir le cumas an linbh rud a thuiscint, nó é/í féin a iompar agus a rialú ar bhealach áirithe;

(vii) gannchosaint nó róchosaint an linbh;

(viii) teip suim a léiriú i, nó deiseanna atá oiriúnach dá (h)aois a chur ar fáil le haghaidh forbairt chognaíoch agus mhothúchánach an linbh;

(ix) bearta araíonachta míréasúnta nó ródhian á ndéanamh;

(x) nochtadh d'fhoréigean baile;

(xi) nochtadh d'ábhar míchuí nó mí-úsáideach trí theicneolaíocht nua.

D'fhéadfadh mí-úsáid mhothúchánach a bheith le tabhairt faoi deara i bhfeidhmiú iompraíochta, cognaíoch, mothachtálach nó fisiceach an linbh. Samplaí díobh seo ná ceangal neamhshlán, míshonas, lagmheas air/uirthi féin, tearcghnóthachtáil oideachais agus forbartha, agus iompraíocht fhreasúrach. Baintear amach tairseach na díobhála suntasaí nuair a bhíonn idirghníomhuithe mí-úsáideacha i gceist go príomha, agus go mbíonn siad mar ghnáthdhálaí an chaidrimh idir an leanbh agus an tuismitheoir/cúramóir.

Sainmhíniú ar 'Mhí-úsáid chorpartha'

`Is ionann mí-úsáid chorpartha linbh agus cás nuair a dhéantar díobháil fhisiceach iarbhír nó fhéideartha do leanbh trí idirghníomh, nó easpa idirghnímh, rud atá faoi smacht tuismitheora nó duine a bhfuil freagracht air/uirthi, cumhacht aige/aici, nó iontaoibh as/aisti go réasúnta. D'fhéadfadh teagmhas amháin nó teagmhais éagsúla a bheith i gceist.

D'fhéadfadh siad seo thíos a bheith i gceist le mí-úsáid chorpartha:

(i) pionós trom corpartha;

(ii) greadadh, leangadh, bualadh nó ciceáil;

(iii) brú, crith nó caitheamh;

(iv) liomóga nó greamanna fiacla á mbaint as duine, tachtadh nó tarraingt gruaige;

(v) sceimhliú le bagairtí;

(vi) breathnú ar fhoréigean;

(vii) neart iomarcach á úsáid le linn láimhseáil;

(viii) nimhiú d'aon ghnó;

(ix) múchadh;

(x) breoiteacht chumtha/spreagtha

(xi) riosca mór díobhála suntasaí do leanbh a cheadú nó a chruthú.

Sainmhíniú ar 'mhí-úsáid ghnéasach'

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a bhíonn leanbh á (h)úsáid ag duine eile dá s(h)ásamh nó spreagadh gnéasach féin, nó do dhaoine eile. Ar na samplaí de mhí-úsáid ghnéasach leanaí atá ann, tá:

(i) nochtadh na ngnéasorgán nó gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aon ghnó i láthair an linbh;

(ii) leagan lámh ar nó muirniú corp linbh d'aon ghnó ag duine nó rud, ar mhaithe le spreagadh nó sásamh gnéasach;

(iii) lámhchartadh i láthair an linbh nó rannpháirtíocht an linbh i ngníomh lámhcharta;

(iv) Caidreamh collaí béil, faighne nó tóna leis an leanbh;

(v) dúshaothrú gnéasach linbh, rud a chuimsíonn gríosadh, spreagadh, tairiscint, tabhairt ar/ceadú do leanbh striapachas nó gníomhartha collaí eile a thairiscint nó páirt a ghlacadh iontu. Tarlaíonn dúshaothrú gnéasach chomh maith nuair a bhíonn leanbh páirteach i dtaispeáint, mainicíneacht nó geáitsíocht ar mhaithe le spreagadh nó sásamh gnéasach, nó gníomh gnéasach, lena n-áirítear taifeadadh (ar scannán, físthéip nó meáin eile), nó iomramháil na híomhá chun na gcríoch sin ar ríomhaire nó trí mhodh eile. Seans go mbeadh ábhar gáirsiúil á léiriú do leanaí chomh maith, agus is minic gur gné é seo den mhealltóireacht a bhíonn ar siúl ag lucht mí-úsáide leanaí;

(vi) gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir duine fásta agus duine faoi aois. Maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, ba chóir do dhuine a thabhairt dá (h)aire, chun críocha an dlí choiriúil, gurb í an aois toilithe i leith caidreamh collaí ná 17 mbliana i gcás buachaillí agus cailíní. Socróidh an Garda Síochána gnéithe coiriúla an cháis faoin reachtaíocht bhainteach.

Ba chóir do dhuine a thabhairt dá (h)aire nach sainmhíniú dlí é an sainmhíniú ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí atá curtha i láthair sa rannán seo, agus nach bhfuil sé beartaithe go mbeadh sé mar chur síos ar chion coiriúil ionsaithe ghnéasaigh.

AGÚISÍN 2

Bearta breise um Chosaint Leanaí do Éabhlóid, 2014

Tá na cleachtais agus gnásanna atá leagtha amach sa doiciméad seo sa bhreis ar na bearta atá leagtha amach thuas i bPolasaí Éabhlóide um Chosaint Leanaí.

Treoirlínte Ginearálta:

- Tabharfar tús áite do leas agus do shábháilteacht an linbh i gcónaí.
- Cinnteoidh Foireann Éabhlóid chomh maith is atá ar a gcumas; go mbíonn gach leanbh sábháilte agus go mbíonn eispéireas dearfach acu agus go gcuireann siad ábhar ar fail atá fóirsteanach agus taitneamhach do leanaí.
- Caithfear le gach duine óg le dínit agus meas.
-

<u>'Daoine Fásta Freagracha' a Shainmhíniú</u>

Chun críocha an doiciméid pholasaí seo, is ionann 'daoine fásta freagracha' agus múinteoirí, tuismitheoirí, caomhnóirí, nó cinnirí a bhíonn in éineacht le grúpaí leanaí nó leanaí ar leith a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí ar bith de chuid Éabhlóide. Tá an phríomhfhreagracht ar na daoine fásta freagracha seo as leas agus iompraíocht gach linbh atá faoina gcúram, agus ar shínigh siad na foirmeacha clárúcháin cuí ar a son. Tá sé mar dhualgas ar na daoine fásta freagracha (m.sh. múinteoirí, tuismitheoirí, caomhnóirí, ceannairí) a bhíonn in éineacht le grúpaí leanaí nó leanaí aonair atá páirteach i ngníomhaíochtaí ar bith mar chuid d'obair Éabhlóide, foireann Éabhlóid a chur ar an eolas faoi riocht leighis nó eile rannpháirtí ar bith is gá a bheith ar eolas acu ar mhaithe le leas an linbh agus an ghrúpa.

AGUISÍN 3

Líomhain in aghaidh ball foirne; Bearta Cosanta

Agus iad ag fanacht le toradh an imscrúdaithe, ba chóir go ndéanfadh Éabhlóid cibé bearta cosanta is gá le cinntiú nach mbíonn leanaí nochtaithe do riosca doghlactha. Ní bearta araíonachta iad na bearta cosanta seo, agus d'fhéadfadh na gníomhartha seo a leanas a bheith ina measc:

- Leibhéal cuí maoirseachta a chur ar fáil;
- Dualgais a athshannadh ionas nach mbeidh teagmháil ag an duine a bhfuil mí-úsáid curtha ina leith le leanaí/daoine óga;
- An ball foirne a chur as dualgas agus é/í á (h)íoc.

Níor chóir an ball foirne a chur as dualgas ar feitheamh thoradh an imscrúdaithe ach i gcúinsí eisceachtúla. Ba chóir a mhíniú don bhall foirne atá i gceist gur beart réamhchúramach é an cinneadh é/í a chur as dualgas, agus nach smachtbhanna araíonachta é. Cuirfear tuairimí an bhaill foirne atá i gceist san áireamh agus na bearta cuí cosanta á gcinneadh.

AGUISÍN 4

Dearbhú ar an Pholasaí um Chosaint Leanaí

agus an Cód Iompraíochta um Chosaint Leanaí

Ainm (Ceannlitreacha): _____

Dáta breithe: _____

Seoladh: _____

_____

Uimhir ghutháin: _____

Suíomh oibre: _____

Teideal Oibre: _____

Fuair mé cóip de **Pholasaí Éabhlóide um Chosaint Leanaí**

Tá na sonraí sa pholasaí agus sna cleachtais agus gnásanna breise léite agam agus tuigim iad, agus toilím na treoirlínte ar ghnásanna agus cleachtais atá iontu a leanúint.

Sínithe: _____ (Ainm bhall foirne Éabhlóide)

Dáta: _____

AGUISÍN 5

Foirm Dhearbhúcháin na Foirne

Dearbhú ar an Pholasaí um Chosaint Leanaí

Ainm (Ceannlitreacha): _____

Dáta breithe: _____

Seoladh: _____

_____

Uimhir ghutháin: _____

Suíomh oibre: _____

Post: _____

Fuair mé cóip de Pholasaí Éabhlóid um Chosaint Leanaí

Tá na sonraí sa pholasaí léite agam agus tuigim iad, agus toilím cloí leis na treoirlínte ar ghnásanna agus cleachtais atá ann.

Sínithe: _____ (Ainm an Fhostaí)

Dáta: _____

AGUISÍN 6

CUID 15

Ilghnéitheach

Leanaí a chur i mbaol go meargánta.
176.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "droch-úsáideoir" pearsa aonair a gcreideann duine, a bhfuil údarás nó smacht aige nó aici ar an bpearsa aonair sin, i leith na pearsan aonair sin go ndearna sé nó sí díobháil thromchúiseach do leanbh amháin nó níos mó nó gur thug sé nó sí droch-úsáid ghnéasach do leanbh amháin nó níos mó;

ciallaíonn "leanbh" duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, ach amháin ina n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt;

ciallaíonn "díobháil thromchúiseach" gortú is bun le priacal substaintiúil báis nó is cúis le máchailiú buan nó le cailleadh nó lagú luaineacht an choirp ina iomláine nó fheidhm aon bhaill nó orgáin áirithe den chorp;

ciallaíonn "droch-úsáid ghnéasach" cion faoi mhíreanna 1 go 13 agus 16(a) agus (b) den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001.

(2) Aon duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir agus a chuireann leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta—

(a) trína chur faoi deara, nó trína ceadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó droch-úsáide gnéasaí, nó

(b) trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(3) I gcás ina gcúisítear duine i gcion faoi fho-alt (2), ní dhéanfar aon imeachtaí breise a thionscnamh maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí) ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

(4) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear ar é nó í a chiontú ar díotáil fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.